

Fógra maidir le tionscadal beartaithe de bhun Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011)¹

I. An láthair, lena n-áirítear an baile fearainn agus an contae, lena mbaineann an t-iarratas

Tá an tionscadal beartaithe i mbaile fearainn an Chnoic Bhric Thoir i gContae Chiarraí.

II. Nádúr agus méid an tionscadail atá beartaithe

Is éard atá i gceist leis na hoibreacha ar lintéar an Chnoic Bhric ná an naprún coinchréit agus na ballaí srianta idir an lintéar agus an seandroichead as úsáid a bhaint agus a ath-thógáil. Tá folúis agus scoilteanna sa bhosca lintéar/naprún le sruth le deisiú trí ghrúta stroighniúl agus coinchréit deisiúcháin oiriúnach. Áirítear ar na hoibreacha atá beartaithe:

- Naprún ghrinneall na habhann atá ann cheana féin (in aghaidh an tsrutha ón lintéar) agus ballaí srianta le briseadh síos agus le fáil réidh leo lasmuigh den láthair. Naprún coinchréit threisithe in situ nua le tógáil. Ar iarratas ó Iascach Intíre Éireann, tógfar an naprún le mias/cainéal níos doimhne go lár an tsrutha. Tá sé seo chun cabhrú le hiasc a chur tríd an struchtúr.
- Claífort taobh thiar de na ballaí srianta atá ann cheana féin a thochailt agus a líonadh chun go bhféadfaí ballaí srianta nua a shuiteáil.
- Nuair a bheidh an cruastad in aghaidh an tsrutha tochailte ní mór an ionraon go dtí an bosca lintéar a phumpáil le grúta stroighniúl. 3 láithreacha caidéal atá suite 1m ó chuid an chéad bhosca agus 1m idir gach láthair caidéalaithe.
- Naprún nua le caitheamh i 3 chuid ar leith gach ceann 5m ar fad. Rannóga deiridh le doirteadh ar dtús agus an chuid lár ina dhiaidh sin.
- Déanfar bonn gach bosca-aonad a dhruileáil tríd agus a instealladh le líonadh grúta stroighniúl.
- Folúis agus scoilteadh (síos an sruth ón lintéar) chuig naprún coinchréit atá ann cheana féin le deisiú le moirtéal deisiúcháin oiriúnach.

Tá tuilleadh sonraí ar nádúr agus ar mhéid na n-oibreacha cothabhála frithghníomhacha atá beartaithe le fáil laistigh de *TO 334 Cothabháil Téarma Dhroichid na Mumhan – Lintéar an Chnoic Bhric – Ráiteas Tionchair Natura* (Ath. 1, WS Atkins Ireland Limited, 19ú Márta 2024).

III. Na cinní féideartha

Cinnfidh Bonneagar Iompair Éireann de bhun Rialachán 42(11) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011) agus Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga cibé an ndéanfadh nó nach ndéanfadh na hoibreacha cothabhála droichid frithghníomhacha drochthionchar ar shláine láithreacha Eorpaigh.

IV. Cá háit agus cén uair is féidir na doiciméid a fheiceáil

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail atá beartaithe a fheiceáil ar líne ar shuíomh gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann (<https://www.tii.ie/>).

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail bheartaithe a fheiceáil saor in aisce ach coinne a dhéanamh ag oifigí Bhonneagar Iompair Éireann ag an seoladh seo a leanas:

¹ Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011), arna ionadú le Rialachán 6(b) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú), 2021 S.I. Uimh. 293 de 2021).

Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8,
D08 DK10,
Éireann.

Is féidir coinní le haghaidh breathnú a shocrú trí scríobh chuig an seoladh poist thuas nó ríomhphost a sheoladh chuig: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal molta a cheannach freisin ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann lena leithéid a chur ar fáil. Is féidir iarratais ar chóipeanna crua a cheannach a dhéanamh chuig na seoltaí ríomhphoist agus poist thuas.

V. A Féadfaidh duine aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an údaráis poiblí laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra

Féadfaidh an pobal aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an tionscadal atá beartaithe (laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra seo) chuig Bonneagar Iompair Éireann.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Nó is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh tríd an bpost chuig:

An Rannóg um Beartas Comhshaoil agus Comhlíonta,
Bonneagar Iompair Éireann,
Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8,
D08 DK10,
Éireann.

VI. Aon sonraí eile ar rannpháirtíocht an phobail

Tabharfaidh Bonneagar Iompair Éireann aird ar aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar ón bpobal.

Déanfar sonraí pearsanta atá in aighneachtaí nó tuairimí a phróiseáil de réir Fhógra Cosanta Sonraí BIÉ atá ar fáil ar www.tii.ie.

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur ar aghaidh chuig ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, lena n-áirítear Atkins, lena n-anailís, lena mbreithniú agus lena bhfreagra. Féadfar anailís, breithniú agus freagairt den sórt sin a dhoiciméadú.

VII. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás poiblí a bheith ábhartha

D'fhéadfadh roinnt faisnéise atá sa Ráiteas Tionchair Natura, dá gcuirfí ar fáil go poiblí é, a bheith ina riosca do chaomhnú speiceas nó gnáthóg faoi chosaint. Ar an ábhar sin, tá an fhaisnéis seo curtha i bhfolach. Cuireadh sonraí pearsanta i bhfolach freisin de bhun cheanglais an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Dáta: 5 Aibreán 2024.